2.0 Proifíl de Chontae Luimnigh

Is ann do Chontae Luimnigh, i Meániarthar na hÉireann, ón bhliain 1210 nuair a bhunaigh Rí Eoin Shasana an chéad dá chontae dhéag sa tír. 2,735 cileméadar cearnach atá sa Chontae, ina bhfuil 119 paróiste sibhialta (roimh an Reifirméisean), 58 paróiste eaglasta, 136 toghcheantar, 1,938 baile fearainn, 5 toghcheantar rialtais áitiúil agus 2 toghcheantar Dála.

DAONRA AGUS GLUAISEACHT DAONRA

121,281 an daonra iomlán a bhí i gContae Luimnigh (Daonáireamh 2002), a léirigh méadú 7.3% sa daonra ó 1996 agus meastar go méadóigh sé thar 135,000 faoi 2011. Tá claonadh leanúnach de dhaonra a bheith ag bogadh ó Iarthar, Deisceart agus Oirthear an Chontae i dtreo ceantair faoi 30 ciliméadar timpeall ar chathair Luimnigh. Maireann thart ar an gceathrú cuid den daonra iomlán i mbruachbhailte na Cathrach agus gan ann ach dhá baile contae, an Caisleán Nua Thiar agus Mainistir na Féile le daonra os cionn 1500. Seachas sin, is ceantar tuaithe é an chuid is mó de Chontae Luimnigh le 71% den daonra i lárionaid le daonra faoi bhun 1500 agus 57% i lárionaid le daonra faoi bhun 200. Tá impleachtaí aige seo do sholáthar ar infrastruchtúr riachtanach, agus ar sheachadadh seirbhísí poiblí agus príobháideacha.

INFRASTRUCHTÚR

Tá aerphoirt na Sionna agus Chiarraí suite gar do Chontae Luimnigh, agus soláthraíonn sin eitiltí Tras-Atlantacha, Eorpacha agus Inmheánacha. Tá stáisiún amháin traenach paisinéara i gContae Luimnigh i gCaistleán Uí Chonaill (Ón Aonach go Luimneach) agus tá na nascanna traenach Átha Cliath / Corcaigh / Ciarraí is cóngaraí i gcathair Luimnigh agus i nGabhal Sulcóide (Tiobraid Árainn) agus Ráth Luirc Co. Chorcaí.

Tá 136 km de bhóithre príomha náisiúnta sa Chontae, 58 km de bhóithre tánaisteacha náisiúnta, 468 km de bhóithre réigiúnacha agus 2,925 km de bhóithre áitiúla.Tá obair nó pleananna á ndéanamh ar mhéid áirithe ollthionscnamh bóithre faoi láthair, agus ó thaobh infrastuchtúr uisce de, tá 57 scéim uisce agus séarachais aitheanta mar scéimeanna gur gá a thógáil nó a fheabhsú.

FOSTAÍOCHT

Sa bhliain 2002, ba san earnáil treasach (seirbhísí) is mó a fostaíodh daoine i gContae Luimnigh, le 70%, i gcomparáid leis an earnáil tánaisteach (déantúsaíocht etc.) áit ar fostaíodh 21% agus an earnáil phríomha (feirmeoireacht etc.) a fhostaíonn 9% agus atá ag síorlaghdú. Sa bhliain 2002 bhí ráta dífhostaíochta 4.3% ag Contae Luimnigh, ráta bhí níos ísle ná ráta dífhostaíochta 5.7% an Stáit.

TURASÓIREACHT

Tá feabhas tagtha le déanaí ar tháirgeadh agus ar infrastruchtúr turasóireachta Chontae Luimnigh agus tá Músaem na mBád Eitilte sa bhFaing, Páirc Fhoraoise an Churraigh, Caisleán Deasmhumhan agus Ionad Oidhreachta Átha Dara ar na príomhionaid spéise do chuairteoirí an Chontae.

AN COMHSHAOIL

Tá Líonadh Talún amháin in úsáid ag Comhairle Contae Luimnigh i nGort an Droma in Iarthar an Chontae. Soláthraíonn Comhairle

2.0

Contae Luimnigh áiseanna athchúrsála ar fud an Chontae le 49 ionad athchúrsála agus Ionaid nua Athchúrsála Drámhaíola Tí sa Chaisleán Nua Thiar agus i gCill Mocheallóg. 893 tonna méid iomlán na drámhaíola ar a ndearnadh athchúrsáil i gContae Luimneach i 2003.

CULTÚR, SPÓRT & CAITHEAMH AIMSIRE

Tá gréasán fairsing leabharlanna i gContae Luimnigh agus éagsúlacht gníomhaíochtaí ealaíona iontu ó ealaíontóirí sna scoileanna go féilte amharclanna sráide. Tá infrastruchtúr maith spóirt ar fud an chontae ach tá éilimh bheaga infrastruchtúra ag spóirt áirithe mhionlach.

SUÍOMH SÓISIALTA

Tá 116 bunscoil, 21 scoil dara leibhéal agus Ollscoil Luimnigh sa Chontae agus tá dhá institiúid eile tríú leibhéal sa Chathair. Tá easpa soláthar um chúram leanaí ann go háirithe sna ceantair thuaithe agus tá an soláthar do leanaí faoi bhun aon bhlian d'aois ar an gcuid is measa de.

CUIMSIÚ SÓISIALTA

I 2002 bhí Fórsa Oibre de 54,265 sa chontae, 50,666 acu fostaithe agus 3,599 dífhostaithe. 93% an rata rannpháirtíochta oibre i gChontae Luimnigh i 2002. I 2002 bé 5.0 an leibhéal easnaimh choibhneasta i gContae Luimnigh, figiúr níb fhearr ná an ráta Náisiúnta de 2.2 agus meán 1.9 an Mheán-Iarthair. I nDaonáireamh 2002 bhí nach mór 11% nó 12,776 duine i gContae Luimnigh os cionn 65 bliain d'aois. Díobh seo bhí 5,805 ina gcónaí ina n-aonar, 64% baineann agus 36% fireann.

Faoi 2003 bhí Comhairle Contae Luimnigh tar éis cóiríocht a chur ar fáil do 195 teaghlach den lucht siúil. Tá baile Ráth Caola sainiúil in Éirinn mar, deir Daonáirimh 2002 go meastar gur den lucht siúil suas le 30% de dhaonra an bhaile.

Tá an t-ardú ar leibhéil na fostaíochta de dhroim buacachta na heacnamaíochta náisiúnta in éineacht le laghdú ar mhéad na n-aonad teaghlach ag fágáil riain dearfadh ar chaighdeán na beatha i gContae Luimnigh.

LÉARSCÁIL CHONTAE LUIMNIGH